Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14794/26

Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0209(COD)

CODEC 1955
EF 272
ECOFIN 1348

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach agus lena leasaítear Treoir 98/26/CE agus Rialachán (AE) 2023/1114 agus lena n-aisghairtear Treoracha 2009/110/CE agus (AE) 2015/2366 **(an chéad léamh)** – Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle

1. An 28 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 53 agus 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 22 Lúnasa 2023[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 14 Nollaig 2023[3].

4. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh an 30 Aibreán 2024[4].

5. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 23 Aibreán 2024[5].

1 11221/23 + ADD 1 go 4.
2 IO C, C/2023/1019, 16.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1019/oj.
3 IO C, C/2024/1594, 5.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1594/oj.
4 9761/24.
5 10651/24.

6. An 22 Aibreán 2026, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air maidir leis an Treoir thuasluaite[6], tar éis plé neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

7. An 5 Bealtaine 2026, dhearbhaigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON) an comhaontú sealadach. Ina dhiaidh sin, chuir Cathaoirleach an Choiste litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe á rá gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air[7].

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a leagtar amach in 8535/26 agus an ráiteas ar chúiseanna a leagtar amach in 8535/26 ADD 1 a ghlacadh mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

6 8222/26.
7 9304/26.